



Iarnród Éireann
Irish Rail



TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL


2012

Clár Ábhar

Athbhreithniú ar Oibríochtaí.....	3
Stiúrthóirí agus Faisnéis eile.....	13
Bord Stiúrthóirí.....	14
Grúpaí Comhairleacha Iarnród Éireann.....	16
Tuarascáil na Stiúrthóirí.....	17
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.....	21
Tuarascáil na nIniúcháirí.....	22
Príomhbheartais Chuntasaíochta.....	23
Cuntas Brabúis agus Cailteanais.....	27
Clár Comhardaithe.....	28
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid.....	29
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.....	30

Is mian le hIarnród Éireann a mbuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.





Bhain Iarnród
Éireann a leibhéal
phoncúlachta ab
airde riamh amach
in 2012, mar gheall
ar bhéim leantach
ar choimeád ama i
ngach rannóg den
chuideachta

Athbhreithniú ar Oibríochtaí

Tuarascáil Bhliantúil Iarnród Éireann, 2012


Athbhreithniú Airgeadais

- Bhí méadú €1 mhilliún ar ioncam iomlán go €186.8 milliún
- Íocaíochtaí PSO arbh fhiú €166.4 milliún iad, lena n-áirítear íocaíocht fhorlíontach €30.6 milliún
- Costais oibriúcháin eisceachtúla €32.3 milliún, ina gcuimsítear an clár téarfa dheonaigh
- Tháinig laghdú €8.9 milliún ar chostais oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla go €355.7 milliún, a thug an laghdú costais carnach ón mbliain 2008 go €66.8 milliún
- Easnamh €22.5 milliún tar éis míreanna eisceachtúla


Léargas Ginearálta ar Oibríochtaí

- Baineadh an phoncúlacht ab airde riamh amach
- Chobhsaigh líon paisinéirí sa dara leath den bhliain, bhí 36.9 milliún turas san iomlán in 2012
- Díriodh ar dheighleoga tábhachtacha margaidh trí ghníomhaíocht tráchtála, d'fhás margáí comaitéirí, mac léinn agus teaghlach
- Coinníodh ciliméadair thraenach a rinneadh cé gur laghdaíodh costais
- Tháinig laghdú 315 ar an lucht saothair mar gheall ar an mórchlár téarfa dheonaigh
- Láidríodh an fheidhmíocht chomhshaoil trí raon tionscnamh atá tiosach ar fhuinneamh

Ioncam Iomlán (m)



Costais Oibriúcháin (m)



Iarnród Éireann

Misean

Seirbhísí iarnróid sábháilte, inrochtana agus comhtháite a sholáthar a chuireann le forbairt inbhuanaithe gheilleagrach agus réigiúnach ar bhealach éifeachtúil.

Fís

Beidh meas ag ár gcustaiméirí orainn as seirbhísí sábháilte, iontaofa, comhsheasmhacha agus iomaíocha a sholáthar, seirbhísí a dhíríonn ar chustaiméirí agus atá éasca le ceannach, éasca le húsáid agus a thugann eispéireas d'ardchaighdeán agus luach ar airgead arb é rogha an phobail taistil é.

Tuairimí Láidre agus Prionsabail:

- Sábháilteacht agus aire a thabhairt dár bhfoireann, dár gcustaiméirí agus dár gcomhshaol.
- Obair le chéile ar son ár gcustaiméirí.
- Cuntasach faoinár ngníomhartha.
- Uaillmhanach agus éifeachtúil ó thaobh costais de i ngach rud a dhéanaimid.
- Gníomhú le meas, le hionracas agus le bród.

Athbhreithnithe Gnó

Airgeadas na Cuideachta

I rith mhí Feabhra 2012, thit glansócmhainní Iarnród Éireann - Irish Rail faoi leath de mhéid scairchaipitil ghlaoite na cuideachta nó níos lú ná an tsuim sin agus ghair Stiúrthóirí Iarnród Éireann Cruinniú Ginearálta Urghnách na cuideachta faoi Alt 40 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, an 23 Aibreán 2012. Ag an gcruinniú sin, cuireadh plean 5 bliana Iarnród Éireann chun an chuideachta a thabhairt ar ais go staid cóimheá airgid i láthair na scairshealbhóirí. Thug ClÉ buntaca airgeadais don phlean seo.

Sa dara leath den bhliain 2012, thug an Rialtas tacaíocht bhreise do Ghrúpa ClÉ. Oibleagáid seirbhíse poiblí bhreise dar luach €30.6 milliún in Iarnród Éireann a bhí i gceist leis an tacaíocht seo.

Gnó paisinéirí

Léargas ginearálta ar an margadh

In 2012, tháinig méadú €1.3 milliún ar ioncam paisinéirí go €157.9 milliún, a d'aisiompáigh an treocht atá leanúnach ó thús na géarchéime eacnamaíche.


Cé gur laghdaigh líon na bpaisinéirí 0.5 milliún san iomlán go 36.9 milliún paisinéir, tháinig laghdú ar an ráta meatha. Go deimhin, bhí fás ó bhliain go bliain sa dara leath den bhliain. Bhí cobhsaíocht sa gheilleagar intíre agus gníomhaíocht tráchtála Iarnród Éireann ina n-eochairthosca ina leith seo. Tharla sé seo i gcomhthéacs na hiomaíochta méadaithe ó ghluaisteáin phríobháideacha agus ó sheirbhísí bus araon ar an ngréasán feabhsaithe mótarbhealaigh.

Feidhmíocht oibríocháin agus feabhsú seirbhíse

Bhain Iarnród Éireann a leibhéal phoncúlachta ab airde riamh amach in 2012, mar gheall ar bhéim leantach ar choimeád ama i ngach rannóg den chuideachta. Sháraigh gach bealach an íos-sprioc feidhmíochta a bhaineann le 90% de na traenacha a bheith in am nó laistigh de 10 nóiméad den am tuartha (DART: 87% laistigh de 5 nóiméad den am tuartha), faoi mar atá leagtha amach i gconarthaí PSO leis an Udarás Náisiúnta Iompair, agus sháraigh formhór na mbealaí poncúlacht 95%.

In ainneoin na ndeacrachtaí airgeadais a bhí os comhair na cuideachta, coinníodh ciliméadair thraenach ag 18 milliún ciliméadar in 2012. Baineadh coigilteas oibríocháin amach trí mhéideanna traenach a oiriúnú don éileamh, trí roinnt athbhreithnithe seirbhíse mar a raibh éileamh fíor-íseal, trí imlonnú foirne agus trí thionscnaimh éifeachtúlachta breosla.

Feidhmíocht Poncúlachta



Gníomhaíocht Tráchtála

Tá fíis shoiléir tráchtála i dteannta tionscnaimh nua mhargaíochta ag Iarnród Éireann chun ioncaim sa ghearrthréimhse a uasmhéadú. Anuas air sin, tá roinnt colúin straitéiseacha ag a bhfuil buntábhacht maidir le fás ioncaim amach anseo a sholáthar.

Tá tionscnaimh nua mhargaíochta go dtí seo ag díriú ar dheighleoga tábhachtacha amhail Mic Léinn, Comaitéirí (ticéid Tax-saver) agus ar líne toisc go dtugann siad an acmhainneacht fairsis ghnó is mó sa ghearrthréimhse. Áirítear le deighleoga eile Teaghlaigh, B2B, Imeachtaí & Grúpaí agus Turasoírí. Tá luach ar airgead mar ghné de na príomhtheachtaireachtaí margaíochta ar an gcéad dul síos lena dtacaíonn promóisean luacha bhreise ar nós iontaofachta agus compoird, táirgiúlachta le linn taistil.

Áirítear na nithe seo a leanas le colúin thábhachtacha

straitéiseacha atá ríthábhachtach le haghaidh fás ioncaim:

- Creat maidir le leibhéal táillí ilbhliantúla chun intuarthacht sruthanna ioncaim a chinntiú
- Díriú ar dheighilt custaiméirí chun buntacú le gníomhaíocht mhargaíochta agus díolachán
- Feabhsúcháin seirbhíse, lena n-áirítear béim leantach ar fheabhsúcháin agá turais
- Barrfheabhsú bainistíochta toraidh chun toradh a uasmhéadú agus acmhainn a bhainistiú. Cuimsíonn sé seo infheistíocht in inneall praghsála, córas áirithinte suíocháin, córas bainistíochta ioncaim, córas bainistíochta caidreamh custaiméirí agus córas bainistíochta toraidh
- Bainistíocht caidreamh custaiméirí d'ardchaighdeán

Lasta iarnróid

Ba iad seo a leanas príomhthrácht lasta iarnróid na cuideachta in 2012:

- Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach go Calafort Bhaile Átha Cliath
- Adhmad ó Chontae Mhaigh Eo go Muileann Láin Phort Láirge
- Traenacha coimeádáin ó Bhéal an Átha go Calafort Bhaile Átha Cliath agus go Calafort Phort Láirge

B'ionann ioncam lasta iarnróid sa bhliain agus €4.8 milliún, laghdú 12% ón mbliain 2011. D'eascair sé seo as scor sealadach DFDS ón tseirbhís línear lasta iarnróid ó Chalafort Phort Láirge go Béal an Átha i mí Iúil (2 sheirbhís sa tseachtain). Ina theannta sin, bhí meath san éileamh ar laíon adhmaid (ó 3 sheirbhís sa tseachtain go 2 sheirbhís sa tseachtain).

Iompraíodh tonnáiste 567,021 tona agus 90.8 milliún tona-ciliméadar ar an ngréasán.

Is é an t-ionchas do 2013 ná fás go níos mó ná 100 milliún tona-ciliméadar, nuair a fhillfidh gnó DFDS. Tá deiseanna eile le haghaidh gnóthais nua á saothrú freisin.

Calafort Ros Láir

Is oibreoir agus soláthraí bonneagair é Iarnród Éireann ag Ros Láir, mar a soláthraíonn sé áiseanna calafoirt agus seirbhísí gaolmhara, lena n-áirítear stibheadóireacht, do chuideachtaí loingseoireachta. Faoi láthair, feidhmíonn trí chuideachta loingseoireachta ceithre thuras fillte sa lá ó Ros Láir go dtí an Bhreatain Bheag Theas, agus feidhmíonn siad idir 6 thuras agus 6½ thuras fillte sa tseachtain ó Ros Láir go dtí an Fhrainc.

Tá Calafort Ros Láir ar an dara calafort is tábhachtaí go straitéiseach sa Stát i ndiaidh Chalafort Bhaile Átha Cliath. Tá sé ar an dara calafort is gnóthaí ó thaobh cuairteanna loinge agus olltonnáiste, agus láimhseáiltear níos mó lasta aonadaithe ann ná in aon chalafort Éireannach eile cé is moite de Chalafort Bhaile Átha Cliath.

In ainneoin deacracht leantach gheilleagrach agus éileamh lag, baineadh barrachas €2 mhiliún amach in 2012 as ioncam €9.7 milliún.

Choimisiúnaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Indecon International Economic Consultants chun athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar Chalafort Ros Láir, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar roghanna úinéireachta agus oibriúcháin. Tabharfar an Tuarascáil chun críche i lár na bliana 2013.


Ár luachanna a chur i bhfeidhm

Sábháilteacht


Tá sábháilteacht i gcoilár gach rud a dhéanaimid. I gcás seirbhíse do chustaiméirí, bainistíocht airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna agus maoirseacht comhshaoil, tá iarnród a reáchtáiltear go sábháilte ina bhunchuid de na gníomhaíochtaí sin. Tá ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta, ar fhorhneas an Coimisiúin Sábháilteachta Iarnróid é, mar bhonn agus taca ag sábháilteacht in Iarnród Éireann.

Feidhmíocht Sábháilteachta


Líon na dTraenacha a chuaigh trí Chomhartha Baoil in aghaidh na bliana, meánlíon thar 3 bliana.



Dírailiú agus Imbhualtí (lena n-áirítear crosairí comhréidhe) in aghaidh na bliana, meánlíon thar 3 bliana.



Timpistí tríú páirtí in aghaidh na bliana, meánlíon thar 3 bliana



Leanadh den treocht dhearfach síos do líon na draenacha a chuaigh trí chomhartha baoil i rith 2012. Baineadh amach é den chuid is mó trí fheidhmíocht fheabhsaithe tiománaithe a tháinig as gníomhartha dírithe ar oiliúint agus ar bhainistíocht inniúlachta.

Tháinig laghdú ar líon na n-imbhuailtí agus an díráillithe freisin.

Bhí méadú ar na timpistí tríú páirtí sa bhliain, áfach, agus tá sé mar aidhm againn an treocht seo a aisiompú ach obair a dhéanamh leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, leis na Gardaí, leis an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid agus le páirtithe leasmhara eile.

Leanadh leis an díriú ar shábháilteacht ag crosairí comhréidhe trí infheistíocht bhreise chun riosca a laghdú trí chrosairí a dhúnadh nó a nua-aoisiú faoin gClár Infheistíochta Caipitil um Shábháilteacht Iarnróid 2009-2013. D'oibrigh Iarnród Éireann freisin leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus leis an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid chun feasacht a mhúscailt ar na hiarmhairtí tromchúiseacha a ghabhann le húsáideoirí bóithre a bheith ag baint mí-úsáide as crosairí comhréidhe.

Cultúr Sábháilteachta

Chuir Iarnród Éireann Suirbhé ar Chultúr Sábháilteachta i measc na foirne i gcrích i rith na bliana, agus léirítear sa rannpháirtíocht ard sa suirbhé agus sna torthaí go bhfuil an-dul chun cinn déanta ag Iarnród Éireann ar chóras bainistíochta sábháilteachta doiciméadaithe a chur chun feidhme le blianta beaga anuas. Tá na torthaí iontach fabhrach agus iad tagarmharcáilte in aghaidh cuideachtaí eile iarnróid. Cuirfear na torthaí in iúl go forleathan agus cuirfear pleananna gníomhaíochta chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an réimse a saináithníodh lena fheabhsú.

An Clár Infheistíochta um Shábháilteacht agus Athnuachaintí Iarnróid

B'ionann an caiteachas beartaithe ar an gClár um Shábháilteacht agus Athnuachaintí Iarnróid (RSP3) do 2012 agus €105m. Tá sé i gcomhréir leis an bpróifíl bhliantúil a leagtar amach in 'Railway Safety Programme, 2009 - 2013, Iarnród Éireann, Mid Term Review July 2011'.

Mar gheall ar shriantachtaí maoinithe an Rialtais, bhí ar Iarnród Éireann ciorrú a dhéanamh ar an gclár beartaithe d'fhonn coigilteas a sholáthar. Bhí sé seo ina chúis le hord tosaíochta nua a chur leis an gclár do 2012 agus b'ionann an caiteachas iomlán amhail deireadh na bliana agus €99 milliún.

Bhí siad seo a leanas i measc na n-oibreacha sin:

- Obair athleagain

- Obair ar staideanna leapacha riain, agus cuireadh breis agus 350 míle d'obair athbhallastaithe agus athailínithe i gcrích

- Athnuachaintí Pointí agus Crosairí

- Feabhsúcháin ar ghearrthacha agus ar chlaifóirt, ar fhálta agus ar dhearcthaí ar chrosairí comhréidhe.

- Oibreacha uasghrádaithe droichid

- Athnuachaintí na gcóras comharthaíochta, lena n-áirítear aistriú an rialaithe ar cheithre chrosaire bhreise go Lárionad Rialaithe Mhala. De bhreis air sin, dúnadh ocht gcrosaire go hiomlán.

Dhírigh caiteachas ar chórais bhainistíochta sábháilteachta ar ghníomhaíochtaí oiliúna.

Meas ar ár gcustaiméirí

Is é feabhsú leanúnach ar an tseirbhís a thugaimid dár gcustaiméirí an sprioc atá ag cách in Iarnród Éireann.

In ainneoin na n-imthosca geilleagracha atá os ár gcomhair, táimid ag obair chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus chun seirbhísí agus tionscnaimh nua a thabhairt isteach le hionchais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh agus a shárú.

Mar atá mionsonraithe thuas, tá poncúlacht ár seirbhísí ag leibhéal churiarrachta, a chomhlíonann bunriachtanas custaiméirí.

D'fheabhsaíomar ár n-áiseanna ar líne chun táillí lascaínte agus bailiú áisiúil ticéad agus córais áirithe suíocháin a chur ar fáil do gach custaiméir.

Tar éis trialach ar an mbealach idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh, shuiteáil Iarnród Éireann, le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, Wi-Fi ar an gcabhlach DART, Comaitéirí agus Idirchathrach ar fad i rith 2012. Tá Éire ar an gcéad tír san Eoraip a bhfuil cabhlach iomlán cumasaithe le Wi-Fi aici, agus tá an tseirbhís seo á cur ar fáil saor in aisce do chustaiméirí. I bhfómhar 2012, sháraigh an chuideachta breis agus 1 mhilliún seisiún Wi-Fi ar an tseirbhís Wi-Fi saor in aisce.

Tá feabhsú mór tagtha ar tháirge Idirchathrach Iarnród Éireann le blianta beaga anuas, lena n-áirítear cabhlach atá nua-aoisithe go hiomlán, agus méaduithe ar mhinicíocht seirbhíse. I rith 2012, thug an chuideachta tosaíocht d'agaí turais ní ba ghasa a fhorbairt trí athbhreithniú a dhéanamh ar shriantachtaí luais a bhí ann cheana agus trí dhíríú ar dheireadh a chur le sriantachtaí chun aga turais a uasmhéadú. Ba é an toradh a bhí air ná tráthchlár nua, a cuireadh chun feidhme ó mhí Eanáir 2013, as ar tháinig meánfheabhsúcháin aga turais 10-15 nóiméad ar gach bealach Idirchathrach ó Stáisiún Heuston.

D'athsheol an chuideachta a láithreán Gréasáin in 2012 chun inúsáidteacht irishrail.ie a bhreisiú, a forbraíodh i

gcomhairle le custaiméirí agus le grúpaí tábhachtacha ionadaíocha.

Baineann an chuideachta úsáid ghníomhach as na meáin shóisialta ar fud Twitter, Facebook agus blog láithreán Gréasáin 'Railway Lines'. Fuarthas aiseolas dearfach agus aitheantas náisiúnta as úsáid na gcainéal seo, agus leanfaimid orainn na cainéil seo a fhorbairt le riachtanais na gcustaiméirí a chomhlíonadh.

Meas ar ár gcomhshaol


Is tionscal agus cóir iompair inbhuanaithe iad iarnróid de réir a gcineáil. Trí raon beart agus tionscnamh, laghdaigh iarnród Éireann arís eile na hastaíochtaí ó oibríochtaí traenach agus ó ghnáthídiú fuinnimh araon.

Bliain	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	Nótaí
Ola dhíosail le haghaidh tarraingt	670,300	708,500	598,600	480,100	465,900	468,300	455,400	1
Leictreachas le haghaidh tarraingt	35,400	35,400	35,400	26,800	26,700	25,000	23,900	2
Leictreachas le haghaidh nithe eile	31,000	31,000	31,000	40,000	39,000	40,000	37,400	3
Gás le haghaidh téimh	18,500	18,500	18,800	18,500	16,300	10,800	10,100	4
Úsáid iomlán fuinnimh MWhr	755,200	793,400	683,800	565,400	547,900	544,100	526,800	
	100%	105%	91%	75%	73%	72%	70%	
M km Paisinéirí	1,872	2,007	1,976	1,681	1,678	1,639	1,583	5
	100%	107%	106%	90%	90%	88%	85%	
Úsáid iomlán fuinnimh MWhr in aghaidh 10,000 km Paisinéirí	4.03	3.95	3.46	3.36	3.27	3.32	3.33	7
	100%	98%	86%	83%	81%	82%	82%	
M km Traenach	18	17	20	18	18	18	18	6
	100%	92%	109%	100%	97%	99%	101%	
Úsáid iomlán fuinnimh MWhr in aghaidh 100 km Traenach	4.14	4.71	3.43	3.11	3.10	3.01	2.86	7
	100%	114%	83%	75%	75%	73%	69%	
Líon Cuntas Leictreachais (UTM)	390	430	481	511	571	574	593	
	100%	110%	123%	131%	146%	147%	152%	
Costas Fuinnimh bunaithe ar Ola Dhíosail	0.34	0.63	0.48	0.75	0.54	0.63	0.71	
	100%	185%	141%	221%	159%	185%	209%	

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

- Nóta 1** Tagraíonn sé seo d'Ola Dhíosail EN590 ULSD a úsáidtear le traenacha a tharlú. Bhí tionchar ag athruithe ar thráthchlár, ag traenacha comhcheangailte agus ag méideanna traenach níos lú ar an ídiú.
- Nóta 2** Laghdaíodh méideanna na dtraenacha i rith uaireanta seachbhuaice mar fhreagairt ar an éileamh laghdaithe i measc na gcustaiméirí. Chonacthas an tionchar iomlán i mbliana. Titfidh an laghdú seo nuair a mhéadóidh líon na bpaisinéirí chuig an leibhéal ag a n-éileofar traenacha níos faide athuair. Toimhdíodh na figiúirí do 2008 do 2007 agus 2006.
- Nóta 3** Tháinig méadú beag ar líon na bpointí méadraithe ó 574 i mí Eanáir 2012 go 593 i mí Eanáir 2013. Is ionann an méadú le 6 bliana anuas agus 50% mar gheall ar stáisiúin nua, ar sheomraí trealaimh Chomharthaíochta/Theileachumarsáide nua agus ar Chrosairí Comhréidhe uathoibríocha nua den chuid is mó.
- Nóta 4** Comhdhlúthú na ngnóthachan a baineadh amach in 2011.
- Nóta 5** Tá an úsáid fhoriomlán fuinnimh ag laghdú go leanúnach.
- Nóta 6** Taispeánann an úsáid fuinnimh in aghaidh an aonaid ghníomhaíochta (paisinéirí) fairsinge na bhfeabhsúcháin a rinneadh san úsáid fuinnimh, fiú nuair a dhéantar é a thomhas in aghaidh líon custaiméirí atá ag titim. Léiríonn an laghdú ar an líon paisinéirí an cor chun donais sa gheilleagar.
- Nóta 7** Taispeánann an úsáid fuinnimh in aghaidh an aonaid ghníomhaíochta méid iomlán na bhfeabhsúcháin a rinneadh san úsáid fuinnimh.

Tá an tseirbhís a chuirtear ar fáil maidir leis an bhfad a théann traenacha réasúnta seasmhach. Is é an sceideal traenach seachas líon na bpaisinéirí a iompraítear a stiúran an t-ídiú fuinnimh den chuid is mó. Is é sin le rá; méadaíonn an t-ídiú breosla beagáinín de réir mar a mhéadaíonn líon na bpaisinéirí ar bord; is iad an fad a théitear, líon na stadanna agus luas na líne na príomhspreagthaigh.



Gníomhartha ar Tugadh fúthu in 2012

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh lena chuid oibre ar roinnt leibhéal in 2012:

Breosla díosail le haghaidh tarraingt

- Tionscnaíodh clár tástála ar tháirge le próiseas a fhíorú a éilíonn go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail.
 - Ceannaíodh trealamh tomhais agus suiteáladh é i 4 fheithicil iarnróid (DMUnna Comaitéara)
 - Is anacrach atá an trealamh seo agus níor tosaíodh tástáil iomlán go fóill. Táthar ag súil go dtosóidh sí roimh lár na bliana 2013.
 - Déanfar measúnú ar na torthaí le heolas a thabhairt don chinneadh faoi ghníomhartha amach anseo
 - Coigilteas féideartha 25,000 MWh in aghaidh na bliana

Leictreachas le haghaidh tarraingt

- Ghin ollchóiriú mór ar na méideanna traenach (leis an méid a chomhoiriú don éileamh laghdaithe) coigilteas suntasach 1,100 MWhr.

Gníomhartha a Bheartaítear do 2013

Tá sé ar intinn ag Iarnród Éireann in 2013 ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

Breosla díosail le haghaidh tarraingt

- Táirge le feidhmíocht innill fhrithingeacha díosail a fheabhsú
 - Cuirfear clár tástála do bhreiseán breosla i bhfeidhm agus i gcrích
 - Faoi réir torthaí sásúla tástála, cuirfear tús leis an gclár um chur i bhfeidhm.
 - Coigilteas féideartha 25,000 MWh in aghaidh na bliana

Ídiú foirgnimh

- Laghdú a threorú sa réimse seo trí bheartú spriocanna agus trí rialuithe.

Meas ar ár bhfoireann

Ag obair le chéile, rinne foireann Iarnród Éireann ina bhfuil 3,814 duine athrú agus éifeachtúlacht a sholáthar ó bhliain go bliain i rith an choir chun donais eacnamaíoch chun a chinntiú go leanaimid ag cur seirbhísí iompair phoiblí d'ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí ar bhealach sábháilte.

In 2012, thángthas ar chomhaontú lenár gceardchumainn chun ár gcostais phárola a laghdú tuilleadh, inar cuimsíodh athruithe ar liúntais, ar fhorálacha saoire bliantúla agus saoire bhreiteachta agus ar raon réimsí eile costais. Anuas air sin, chuir an comhaontú ceangal ar an lucht bainistíochta agus ar ionadaithe fostaithe leanúint orthu ag obair le chéile chun coigilteas breise costais a bhaint amach.

Ina theannta sin, baineadh laghdú leantach amach ar líon na mball foirne i rith na bliana, ó 4,129 duine go 3,814 duine: laghdú 315 duine is ea seo, agus bhí an clár téarfa dheonaigh ina chúis le laghdú 279 duine díobh. Laghdaigh líon na mball foirne ó bhreis agus 6,000 duine in 2002 go 5,114 duine in 2006 go líon reatha na mball foirne amhail deireadh na bliana de 3,814 duine.

Lasmuigh de chomhaontuithe comhchoiteanna, tá comhghleacaithe ar fud na cuideachta réamhghníomhach i gcleachtais oibre éifeachtúla agus i dtionscnaimh choigilte costais a shainaitheint agus a chur chun feidhme.

I gcomhthéacs an laghdaithe shuntasáigh ar mhéid an lucht saothair le blianta beaga anuas, d'infeistigh an chuideachta i mbainistiú agus in aistriú eolais chun a chinntiú go ndéantar eolas agus taithí na gcomhghleacaithe a imíonn ar scor a thairfeadh agus a choinneáil laistigh den eagraíocht.

Comhionannas

Lean Iarnród Éireann, mar fhostóir comhionannas deiseanna, ar aghaidh ag athbhreithniú a bheartas agus a nósanna imeachta i rith 2012. Rinneadh athbhreithniú ar an doiciméad beartais 'Policy on the Prevention of Workplace Bullying, Harassment and Sexual Harassment' chun a chinntiú go leanaimid ar aghaidh le dea-chleachtas a bhaint amach sa réimse seo. Cuireadh an beartas nua dar teideal 'Dignity and Respect at Work in Iarnród Éireann, maintaining a positive working environment for all in Iarnród Éireann' i gcrích ag deireadh na bliana.

Faoin Acht um Míchumas 2005, rinneadh suirbhé san eagraíocht chun an líon comhghleacaithe faoi mhíchumas a thomhas. B'ionann seo agus 2.5% den lucht saothair iomlán.

Rinneadh athbhreithniú ar bheartais reachtúla agus neamhreachtúla araon maidir le Cothromaíocht Oibre agus Saoil. Ina theannta sin, chabhraigh an t-athbhreithniú seo lena chinntiú go ndearnamar gach saoire chothromaíocht oibre is saoil a thagarmharcáil.

Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

Leanaimid orainn ag glacadh páirte le roinnt eagraíochtaí i bhfóiraim sheachtracha fearacht an Ghréasáin Chomhionannais agus Éagsúlachta (EDN) agus mheitheal oibre éagsúlachta Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) i dtaca le cleachtais agus nósanna imeachta sa chlár oibre comhionannais a fhorbairt agus a léiriú.

Ár bpobail

Tá freagrachtaí ag Iarnród Éireann as na pobail a bhfreastalaíonn sé orthu agus a mbíonn sé ag caidreamh leo mar shaoránach corparáideach.

Clúdaíonn sé seo ár dtiomantas do thabhairt faoi oibreacha ar ár ngréasán, nach mór a bheith ar siúl san oíche go minic, ag tabhairt airde orthu siúd a bhfuil cónaí orthu nó a oibríonn gar don ghréasán; agus tionscnaimh tacaíochta pobail shonracha freisin.

In 2012, sheol Iarnród Éireann tionscnamh nua tacaíochta pobail “The Journey’s on Us” a chuir ar chumas 100 grúpa ón earnáil phobail, ón earnáil dheonach, ón earnáil charthanais agus ón earnáil spóirt leas a bhaint as turas taistil ghrúpa saor in aisce ar an traein. Rinne 770 grúpa san iomlán iarratas ar an gclár seo agus tairgeadh lascaíní suntasacha do gach grúpa a rinne iarratas ach nár éirigh leo.

D’oibrigh Iarnród Éireann le hOibair Dheonach Éireann freisin chun tacú lena gcuid oibre i dtaca le toileachas a spreagadh sa tír. Go háitiúil, oibrímid go dlúth le raon comhlachtaí, lena n-áirítear Coistí na mBailte Slachtmhara, scoileanna agus cuid mhór grúpaí eile, chun páirt iomlán agus ghníomhach a imirt sna pobail a bhfreastalaímid orthu.

Athstruchtúrú an AE

D’fhógair an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go foirmiúil i mí an Mhárta 2012 nach ndéanadh Éire iarratas athuair ar shíneadh an mhaolaithe atá ann cheana nuair a théann sé as feidhm i mí an Mhárta 2013. Bunaíodh tionscadal Comhlíonta an AE i mí Eanáir 2012, chun clár athruithe struchtúrtha a shainaithint agus a mholadh do Bhord Iarnród Éireann agus é a chur chun feidhme le comhlíonadh Threoracha an AE ábhartha ar a dtugtar na trí ‘Phacáiste Iarnróid’ a bhaint amach. Caithfear, dá bhrí sin, gnéithe uile reachtaíocht Iarnróid an AE a chomhlíonadh faoi mhí an Mhárta 2013, d’fhonn imeachtaí forfheidhmiúcháin an AE a sheachaint.

Príomhghné den athstruchtúrú seo is ea Iarnród Éireann a eagrú i struchtúr Bainisteoir Bonneagair/Gnóthas Iarnróid.

- Tá an Bainisteoir Bonneagair cuntasach agus neamhspleách go hiomlán ina gcinnteoireacht agus ina bhfreagracht as bonneagar Iarnróid

a bhunú, a bhainistiú agus a chothabháil, lena n-áirítear bainistíocht tráchta, ceannas rialaithe agus comharthaíocht

- Tá na Gnóthais Iarnróid cuntasach agus neamhspleách go hiomlán ina gcinnteoireacht agus ina bhfreagracht as an ngnó príomha chun seirbhísí a chur ar fáil d’iompar earraí nó paisinéirí ar Iarnród.

Tá deighilt cuntasaíochta ag teastáil do Bhainisteoir Bonneagair, do Ghnóthas Iarnróid agus do Lasta freisin. Mionsonraítear cuntais bhrabúis agus chailteanais i Nóta 2 sna Cuntais agus leagtar na sleachta neamhiniúchta as an gclár comhardaithe amach ar an gcéad leathanach eile.

Tarlóidh gach ceann de na hathruithe atá beartaithe faoi bhun leibhéal Phríomhfheidhmeannach reatha Iarnród Éireann agus coinneofar roinnt feidhmeanna Seirbhíse Lárnaí.

De bhreis ar na hathruithe eagraíochta, caithfidh an Ballstát agus/nó Iarnród Éireann na tairgí insólathartha seo a leanas a chruthú chun treoracha an AE a chomhlíonadh:

1. Deighilt Cuntasaíochta
2. Socruithe conartha riachtanacha tionscail a fhorbairt
 - a. Conradh Ilbhliantúil a chruthú.
 - b. Conradh athbhreithnithe na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí
 - c. Rialtóir ag a bhfuil ról agus freagrachtaí sainithe a bhunú
 - d. Comhlachtaí Neamhspleácha Táillí agus Leithdháilte ag a bhfuil ról agus freagrachtaí sainithe a bhunú

Faoi dheireadh na bliana 2012, rinneadh an-dul chun cinn ar gach gné den athstruchtúrú.

- Forbraíodh an struchtúr eagraíochta beartaithe agus cuireadh céatadán suntasach de na Córais Bhainistíochta Sábháilteachta chuig an gCoimisinéir Sábháilteachta Iarnróid dá bhformheas agus bailíochtú seachtrach.
- Is dócha go leanfar ar aghaidh leis an PSO leis an Údarás Náisiúnta Iompair go ceann bliain amháin eile
- An Ráiteas ar an nGréasán agus an Comhaontú maidir le Rochtain ar Rianta a dhréachtú
- Ní dócha go mbeidh deighilt uathoibríthe ag córais chuntasaíochta faoi mhí an Mhárta 2013, ach is féidir an cleachtadh deisce a dhéanamh san idirthréimhse

Iarnród Éireann
Clár Comhardaithe bainte – neamhniúchta

Léirítear an uile fhiúir in €000anna

	Iomlán		Gnóthas Iarnróid		Bainisteoir Bonneagair		Lasta Iarnróid		Gníomhaíochtaí Tráchtála Eile	
	2012 € 000	2011 € 000	2012 € 000	2011 € 000	2012 € 000	2011 € 000	2012 € 000	2011 € 000	2012 € 000	2011 € 000
Sócmhainní Seasta										
Sócmhainní Inláimhsithe										
Sócmhainní ar a gCostais	3,212,916	3,146,326	1,778,047	1,729,906	1,342,437	1,323,935	20,381	21,000	72,051	71,485
Dimheas Carntha	(1,449,361)	(1,279,827)	(875,810)	(749,001)	(519,311)	(477,479)	(19,853)	(20,404)	(34,386)	(32,943)
	1,763,555	1,866,499	902,237	980,905	823,125	846,456	528	596	37,665	38,542
Sócmhainní Seasta	20	20	-	-	-	-	-	-	20	20
	1,763,575	1,866,519	902,237	980,905	823,125	846,456	528	596	37,686	38,562
Sócmhainní Reatha										
Stoic	50,334	49,941	33,225	34,546	17,038	15,327	-	-	71	68
Féichiúnaithe	21,309	20,665	16,989	14,367	1,992	3,385	690	693	1,637	2,220
Iarmhéid idirchuideachta	-	22,774	-	-	-	-	-	-	-	22,774
Airgead sa bhanc agus ar láimh	313	313	313	313	-	-	-	-	-	-
	71,956	93,693	50,527	49,226	19,030	18,712	690	693	1,708	25,062
Creidiúnaithe: (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)										
Rótharraingt	13,043	410	1,183	1,337	554	570	-	-	11,306	(1,497)
Léas airgeadais	4,644	4,382	4,644	4,382	-	-	-	-	-	-
Ioncam Iarchurtha	128,535	135,526	92,877	100,570	35,348	34,646	-	-	310	310
Creidiúnaithe eile	139,727	148,229	74,278	79,667	43,299	57,638	572	140	21,578	10,784
	285,949	288,547	172,982	185,956	79,201	92,854	572	140	33,194	9,597
	(213,994)	(194,854)	(122,456)	(136,730)	(60,171)	(74,142)	118	553	(31,486)	15,465
Glanditeanais Reatha										
Sócmhainní Iomlána Iúide dliteanais reatha	1,549,582	1,671,665	779,781	844,175	762,954	772,314	646	1,149	6,200	54,027
Creidiúnaithe: (Suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	7,250	11,917	7,250	11,917	-	-	-	-	-	-
Soláthar do Dhiliteanais agus do Mhuirir	48,325	56,271	15,706	48,064	32,619	7,327	-	-	-	880
Ioncam Iarchurtha	1,416,226	1,503,224	698,033	773,379	708,579	719,920	-	-	9,614	9,925
	77,781	100,253	58,793	10,815	21,756	45,067	646	1,149	(3,414)	43,222
Maoinithe ag Caipiteal agus Cúlchistí										
Scairchaipiteal Glaoite	194,270	194,270							194,270	194,270
Cuntas Brabúis agus Cailliteanais	(116,489)	(94,017)							(116,489)	(94,017)
Cothromais Iomlána	77,781	100,253							77,781	100,253

Bord Stiúrthóirí

Stiúrthóirí amhail an 23 Aibreán 2013

Cathaoirleach	An tUasal P. Gaffney
Stiúrthóirí	An tUasal F. Allen, an tUasal P. Golden, an tUasal V. Green, an tUasal P. McGarry, an tUasal J. Moloney, an tUasal J. Nix.
Príomhfheidhmeannach	An tUasal D. Franks
Rúnaí	An tUasal G. Finucane

Oifig Chláraithe

Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1

Teileafón: +353 1 836 3333

Facs: +353 1 836 4760

Suíomh gréasáin: www.irishrail.ie

Uimhir Chláraithe

119571

Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers,

Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,

Aon Duga Spencer, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.

Bord Stiúrthóirí



Phil Gaffney

Ceapadh Phil Gaffney ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i mí an Mheithimh 2011. Roimhe sin, bhí sé ina stiúrthóir ar Iarnród Éireann ón mbliain 2006 amach. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea Phil Gaffney. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, chaith Phil 28 bliain leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta Bhord CIÉ. Is Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de Bhord Crossrail i Londain agus comhalta de Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail é freisin.



Frank Allen

Is comhairleach airgeadais neamhspleách agus iar-Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid (RPA) ó 2002 go 2012 é Frank Allen. Sa tréimhse seo, bhí freagracht ar an RPA as an gcéad dá líne de chóras iarnróid éadroim Luas a thógáil, is iad sin an Líne Dhearg agus an Líne Ghlas, agus as na línte sin a leathnú go dtí an Ceantar Dugaí, go Coill na Silíní agus go hIarthar na Cathrach. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Corcaigh agus MIT Frank. D'oibrigh sé roimhe sin don Bhanc Domhanda in Washington DC, inar shocraigh sé maoiniú d'fhorbairt bonneagair i dtíortha i mbéal forbartha agus in Oirthear na hEorpa agus bhí sé ina Cheann um Maoiniú Bonneagair do Bhanc KBC in Éirinn. Tá sé ina Stiúrthóir ar an MSc/Diplóma Iarchéime in Infheistíocht Inbhuanaithe a chuireann Institiúid na mBainc éirí in Éirinn/an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ar fáil.



Patricia Golden

Ceapadh Patricia Golden ar bhord Iarnród Éireann i mí Iúil 2012. Cuntasóir Cairte í ag a bhfuil taithí 25 bliain mar lucht ardbhainistíochta i mórán cuideachtaí éagsúla. Sainchomhairleoir Airgeadais agus Rialachais Chorporáidigh is ea í faoi láthair. Tugann sí saineolas straitéiseach i réimsí na Bainistíochta Tionscadal, Gnóthaí Corparáideacha agus Forbartha Córais. Oibríonn sí le cliant san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil ilnáisiúnta. Bhíodh sí ina Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le Fondúireacht Eolaíochta Éireann.



Vincent Green

Ceapadh Vincent Green ar Bhord CIÉ i mí Eanáir 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001 agus ar bhord Iarnród Éireann an tráth céanna. Thosaigh Vincent i mbun oibre le hIarnród Éireann sa bhliain 1999 agus is seiceálaí ticéad taistil é atá lonnaithe i Stáisiún Heuston. Tá sé ina bhall de SIPTU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe iarnróid.

Bord Stiúrthóirí (ar lean)



Paul McGarry

Abhcóide sinsearach é Paul McGarry a phléann go sonrath le dlí tráchtála, le dlí poiblí agus le dlí an Aontais Eorpaigh. Chaith sé deich mbliana mar bhall tofa d'Ardchomhairle Bharra na hÉireann agus bhí sí ina chathaoirleach ar chuid dá gcoistí. D'oibríodh sé mar oifigeach leis an gCoimisiún Eorpach, agus tá sé ina bhall de Choiste Rialacha na nUaschúirteanna san am i láthair. Ina theannta sin, is toscaire buan é ar son na hÉireann chuig Comhairle Bharraí na hEorpa.



John Moloney

Ceapadh John Moloney don Bhord i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Thobar an Chaipeín i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.



James Nix

Ceapadh James Nix ar bhord Iarnród Éireann i mí Iúil 2012. Is abhcóide é an tUasal Nix a oibríonn do Transport & Environment, ag a bhfuil tionchar mór ag leibhéal an AE ar bheartais iompair a laghdaíonn úsáid fuinnimh agus astaíochtaí. Oibríonn an tUasal Nix ag leibhéal an AE freisin faoi chlár a mhaoineann an Biúro Comhshaoil Eorpach, ar cónaidhm de bhreis agus 140 eagraíocht ar fud na mballstát go léir í. Fostaíonn an Taisce, an tIonataobhas Náisiúnta d'Éirinn, é mar stiúrthóir oibríochtaí freisin. Is eagraíocht neamhrialtasach comhshaoil neamhbhrabúis bunaithe ar bhallaíocht í an Taisce a bunaíodh i 1948, agus tá sí nasctha le comhiontaobhais náisiúnta trí Eagraíocht Idirnáisiúnta na nIonataobhas Náisiúnta (INTO).

Grúpaí Comhairleacha Iarnród Éireann

Bunaíodh cúig ghrúpa chomhairleacha laistigh d'Iarnród Éireann chun comhairle a chur ar an bhord maidir le cúrsaí straitéiseacha agus teicniúla agus chun athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar thograí an lucht bainistíochta. Is iad seo a leanas na grúpaí comhairleacha do bhord Iarnród Éireann agus a gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin;

An Grúpa Comhairleach um Shábháilteacht (SAG)

Bunaíodh SAG Bhord Iarnród Éireann le go mbeadh an bord sásta go mbainistítear Sábháilteacht (paisinéirí, oibrithe, conraitheoirí, comharsana) mar is ceart in Iarnród Éireann.

Ballraíocht:

An tUasal Cliff Perry (comhairleoir neamhspleách) Cathaoirleach

An Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta (ARG)

Soláthraíonn ARG Iarnród Éireann bealach cumarsáide idir Iniúchóireacht Inmheánach, na hiniúchóirí seachtracha agus Bord Iarnród Éireann agus athbhreithníonn sé agus déanann sé moltaí do Bhord Iarnród Éireann, agus tuairiscíonn sé fúthu, maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus próisis rialachais laistigh d'Iarnród Éireann. Chomh maith leis sin, déanann sé breithniú ar mhórtorthaí imscrúduithe inmheánacha, ar thuairiscí na n-iniúchóirí inmheánacha agus ar fhreagairt an lucht bainistíochta.

Ballraíocht:

An tUasal Pat Faulkner (comhairleoir neamhspleách) Cathaoirleach – ar scor ón 21 Samhain 2012

An tUasal Patricia Golden (Stiúrthóir Iarnród Éireann) Cathaoirleach ón 1 Eanáir 2013

An tUasal Frank Allen (Stiúrthóir Iarnród Éireann) – ón 25 Márta 2013

An Grúpa Comhairleach um Bonneagar (IAG)

Cuireann an IAG comhairle ar bhord Iarnród Éireann agus ar an lucht bainistíochta innealtóireachta maidir le feidhmíocht, straitéis bainistíochta sócmhainní, straitéisí oibriúcháin le haghaidh innealtóireachta, breithniú athruithe rialála, agus measúnú agus athbhreithniú ar thionscadail chaipitil.

Ballraíocht:

An tUasal Bob Clarke (comhairleoir neamhspleách) Cathaoirleach

An Grúpa Comhairleach um Thraenacha (TAG)

Bunaíodh an TAG chun comhairle a chur ar bhord agus ar choiste feidhmiúcháin Iarnród Éireann maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an nGnóthas Iarnróid, lena n-áirítear an taithí na gcustaiméirí, straitéisí tráchtála, seirbhísí ar fáil agus tráthchlár, agus saincheisteanna innealtóireachta an chabhlaigh thraenacha.

Ballraíocht:

An tUasal Cliff Perry (comhairleoir neamhspleách) Cathaoirleach

Grúpa Comhairleach Chalafort Ros Láir

Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúcháin Chalafort Ros Láir agus tacú leis chun feidhmíocht bharrmhaith airgeadais, oibriúcháin agus sábháilteachta a bhaint amach.

Ballraíocht:

An tUasal Tras Honan (Cathaoirleach)

An tUasal Arnold O'Byrne

An tUasal David Fassbender

An tUasal Peter Scallan

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-obleagaidí faoi Achtanna na gCuideachtaí agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Réitíodh cuntais na Cuideachta agus na nótáí gaolmhara atá mar chuid de na cuntais, agus san áireamh sa tuarascáil seo, de réir na gcaighdeán cuntasáiochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí iarnróid Idirchathrach agus Comaitéara a chur ar fáil do phaisinéirí, seirbhísí lasta a chur ar fáil agus Calafort Ros Láir a bhainistiú.

Tá 100% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta i seilbh Chóras Iompair Éireann, ar comhlacht reachtúil iad atá faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann agus a thuiriscíonn chuig an Aire Iompair.

Bhí barrachas €9.8m ag an gCuideachta roimh mhúirear do mhír eisceachtúil €32.3m ar chostais athstruchtúraithe a bhaineann leis an mbonn costais a chuíchóiriú. B'ionann an t-easnamh foriomlán don bhliain agus €22.5m.

Ba é €166.4m an tsuim iomlán fóirdheontais a fuarthas in 2012, lena áiríodh fóirdheontas aonuaire €30.7m a tháinig aníos toisc go raibh an fóirdheontas bunúsach a fuarthas in 2012 €13m níos ísle ná in 2011 agus €19.4m níos ísle ná in 2010.

Tá ríméad ar na Stiúrthóirí a chur in iúl gur baineadh amach ina n-iomláine na spriocanna a chomhaontaítear go bliantúil idir an Chuideachta agus an NTA.

Déanann an Chuideachta monatóireacht rialta ar a feidhmíocht i rith an ama trí réimse príomhtháscairí feidhmíochta oibriúcháin agus airgeadais. Áirítear leis na hathbhreithnithe seo a dhéanann an lucht bainistíochta agus na stiúrthóirí an aird mhór ar choigilteas costais a tugadh isteach roinnt blianta ó shin. Laghdaigh sé seo an bonn costais agus d'fheabhsaigh sé caighdeán agus éifeachtúlacht na seirbhísí don uile chustaiméir.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na Cuideachta don bhliain ar fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí.

Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 ar leathanaigh 27 go 57.

Bainistíocht Riosca

Tá an Chuideachta tiomanta do bhainistiú riosca ar bhealach smachtaithe córasach. A bhuíochas le

próiseas bainistíochta riosca uilefhiontair, sainnithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Cuideachta agus ceaptar pleananna gníomhaíochta leis na rioscaí a mhaolú. Is príomhthosaíocht de chuid na Cuideachta i rith an ama í sábháilteacht an iarnróid agus léirítear é seo sa chlár riosca. I measc na rioscaí is tromchúisí tá siad seo a leanas: mórtheagmhais oibriúcháin; gníomhartha sceimhlitheoireachta; cailleanas cumarsáid oibriúcháin; agus teip leanúnach ar chomhlíonadh ionchais na gcustaiméirí agus na bpáirtithe leasmhara eile.

An Bord

Rialaíonn an Bord Stiúrthóirí an Chuideachta. Is iad príomhról an bhoird cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta a fhormheas agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na cuideachta le hais réimse príomhtháscairí feidhmíochta. Tagann an Bord le chéile naoi n-uaire ar a laghad gach bliain, agus bíonn clár ábhar curtha in áirithe lena fhormheas.

Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Is tosaíocht i rith an ama ag Stiúrthóirí Iarnród Éireann ardchaighdeán rialachais chorpáidigh a chothabháil. Tá a mbeartas rialachais chorpáidigh curtha le chéile ag an mBord le go dtabharfar éifeacht don Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Leagtar amach sonraí faoi na beartais agus faoi na nósanna imeachta a chuir an Chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú na cáipéise, Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Tástáil Drugaí agus Alcóil

De réir na reachtaíochta a bhaineann le Sábháilteacht Iarnróid, lean Iarnród Éireann ar aghaidh leis an mbeartas um thástáil drugaí agus alcóil a comhaontaíodh. Rinneadh 228 tástáil randamach neamhfhogartha san iomlán le linn 2012. Is ionann an líon iomlán daoine aonair a tástáladh ó tugadh tástáil randamach neamhfhogartha isteach agus 500 duine faoi láthair.

Ó tugadh tástáil randamach neamhfhogartha drugaí agus alcóil isteach i mí an Mhárta 2010, tugadh faoi roinnt tionscnaimh feabhsúcháin. Ina measc siúd, tá siad seo a leanas:

- Aonad Tástála Soghluaiste a thabhairt isteach chun tástáil leanúnach ar oibríthe iargúlta (Geatóirí, Oibríthe Riain) a chumasú
- Trealamh Tástála Pointe Cúraim a thabhairt isteach le haghaidh tástáil iarteagmhais

- Leabhrán Beartais athbhreithnithe um Dhrugaí agus Alcól a chur i dtoll a chéile

Inniúlacht oibre: Scrúduithe Dochtúra Éigeantacha

Cuireadh cleachtadh scóipe i gcrích agus cruthaíodh Próifíl Aoise agus Seirbhíse de réir Gráid ina bhfuil an tSábháilteacht Criticiúil. Cuireann an cleachtadh seo in iúl go bhfuil tuairim is 3,673 Sealbhóir Róil ina bhfuil an tSábháilteacht Criticiúil laistigh den eagraíocht. Tugadh faoi phróiseas leis an bPríomh-Oifigeach Míochaine chun athbhreithniú agus, nuair ba ghá, leasú a dhéanamh ar dhréachtnóta treorach do riachtanais inniúlachta míochaine a ullmhaíodh roimhe sin. Sonraíodh sa dréachtnóta treorach seo trí leibhéal riachtanais inniúlachta míochaine do shealbhóirí róil ina bhfuil an tsábháilteacht criticiúil laistigh d'Iarnród Éireann. Rinneadh an Dréachtnóta Treorach a leasú agus a eisiúint don Phríomhoifigeach Sábháilteachta agus Slándála agus do Bhainisteoirí Sábháilteachta sna gnóthais Innealtóireachta agus ICCN. Cuireadh obair athchóirithe laistigh den Liachtlan i gcrích agus comhaontaíodh plean acmhainní leis an bPríomh-Oifigeach Míochaine.

Bainistiú Feidhmíochta

Mar gheall ar thabhairt isteach Chóras Bainistithe Feidhmíochta Iarnród Éireann an athuir in 2011, soláthraíodh 230 Plean Feidhmíochta Aonair críochnaithe sa chéad bhliain ina raibh sé i bhfeidhm. Leanfar den Chóras Bainistithe Feidhmíochta in 2013.

Rialú Inmheánach

Tá Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta ceaptha ag Bord Iarnród Éireann le hathbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, ar rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus ar bhainistíocht riosca. Chomh maith leis sin, cheap an Bord Grúpa Comhairleach Innealtóireachta le monatóireacht a dhéanamh ar athnuachan bonneagair, agus le bainistiú tionscadail a dhéanamh ar na tionscadail mhóra bhonneagair, chomharthaíochta, leictreacha agus teileachumarsáide, chomh maith le cúrsaí feidhmíochta. Tugann an Grúpa Comhairleach Sábháilteachta cúnamh don Bhord le monatóireacht a dhéanamh ar na réimsí tábhachtacha gnó seo. Leagtar amach níos mó sonraí faoi chóras na cuideachta um rialú inmheánach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Faisnéis

Scaiptear tuarascálacha agus páipéir rialta ar na Stiúrthóirí go tráthúil mar ullmhúchán do chruinnithe boird agus coiste. Bíonn faisnéis bhreise i dteannta na bpáipéar seo a iarrann na Stiúrthóirí lena haghaidh go sonrach ó am go ham.

Faigheann na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus tuarascálacha agus faisnéis rialta bhainistíochta a chuireann ar a gcumas feidhmíocht na cuideachta agus na mbainisteoirí a iniúchadh in aghaidh cuspoirí comhaontaithe.

Gnóthas Leantach

Tá an bord stiúrthóirí sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad, in ainneoin go bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí ann. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas. Nóta 1: Déanann "Gnóthas Leantach" aghaidh a thabhairt ar na neamhchinnteachtaí sin agus conclúidí na stiúrthóirí i ndáil leis an ngnóthas leantach a achoimriú.

Leabhair Chuntas

Tá sé curtha in iúl ag na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad a ndualgas maidir le leabhair chuntas iomchuí a choimeád trí chórais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus trí fhoireann ag a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag ceannoifig na cuideachta i Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005

Feidhmíonn Iarnród Éireann i gcónaí de réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

Na Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála 2002

Tuigeann na Stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le comhlíonadh fhorálacha na Rialachán um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála 2002 a chinntiú, i ngach ngné ábhartha. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainiú ar a mbíonn sonraisc dlíte agus lena chinntiú go n-íoctar iad faoi dhátaí áirithe. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha le rialacháin.

Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair Stiúrthóirí na Cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Seachas nuair a luaitear é, bhí siad ina stiúrthóirí don bhliain ar fad.

Phil Gaffney (Cathaoirleach)

Frank Allen	ceaptha an 20 Feabhra 2013
Laetitia Baker	ar scor ón 14 Feabhra 2013
Mick Cullen	ar scor ón 4 Deireadh Fómhair 2012
Michael Giblin	ar scor ón 17 Bealtaine 2012
Patricia Golden	ceaptha an 30 Iúil 2012
Vincent Green	ceaptha an 11 Eanáir 2013
Paul McGarry	
John Moloney	athcheaptha an 1 Nollaig 2012
James Nix	ceaptha an 30 Iúil 2012
Cliff Perry	ar scor ón 17 Bealtaine 2012
Dearbhalla Smyth	ar scor ón 17 Bealtaine 2012

Comhalta Boird	Cuntas Tinrimh Bhord Iarnród Éireann
Phil Gaffney	12/12
Laetitia Baker	8/12
Mick Cullen	9/9
Michael Giblin	3/4
Patricia Golden	5/6
Paul McGarry	7/12
John Moloney	11/12
James Nix	5/6
Cliff Perry	4/4
Dearbhalla Smyth	4/4

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na Cuideachta, na Cuideachta sealbhaíochta ná na bhfochuideachtaí ag aon duine de na Stiúrthóirí ag aon am le linn na bliana. Ní dheachthas i mbun aon chonarthaí

ná socruithe ábhartha i rith na bliana i ndáil le gnó an Ghrúpa ina raibh leas ag Stiúrthóir. Tá gnáthscair amháin i seilbh Rúnaí na Cuideachta mar ainmní de chuid Bhord Chóras Iompair Éireann.

Rúnaí na Cuideachta

Fostaí lánaimseartha de chuid mháthairchuideachta na Cuideachta, Córas Iompair Éireann, atá i Rúnaí na Cuideachta. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as comhairle a thabhairt don Bhord, tríd an gCathaoirleach, maidir leis na cúrsaí rialachais go léir. Tá fáil ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Foráiltear le hAirteagail Chomhlachais na Cuideachta gur ábhar do na Stiúrthóirí é Rúnaí na Cuideachta a cheapadh agus a chur as oifig.

Iníúcháirí

Tá sé léirithe ag na hiniúcháirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iníúcháirí Cláraithe, gur mian leo leanúint in oifig de réir alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

An tUasal Phil Gaffney, Cathaoirleach
An tUasal Patricia Golden, Stiúrthóir

23 Aibreán 2013



Is é feabhsú
leanúnach ar an
tseirbhís a thugaimid
dár gcustaiméirí an
sprioc atá ag cách in
Iarnród Éireann

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus cleachtas cuntasaoíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaoíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaoíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don bhliain sin.

Ceanglaítear ar na stiúrthóirí na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais seo a gcur i dtoll a chéile:

- beartais chúí chuntasaoíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí a thiomhdiú go leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Dearbhaíonn na stiúrthóirí gur chomhlíon siad na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á réiteach.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na Cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaoíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha do Bhail Iarnród Éireann - Irish Rail

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Iarnród Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. San áireamh sna Ráitis Airgeadais seo tá Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn).

Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIníúcháirí

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine sa 'Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí' atá leagtha amach ar leathanach 21, tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach cóir. Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl fúthu de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí ón mBord um Chleachtas Iniúcháireachta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, na tuairimí san áireamh, do bhail na cuideachta mar chomhlacht amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh ach amháin má thugaimid ár dtuairimí roimh ré i scríbhinn.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist in iniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá dóthanach le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaíocht nó earráid ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Áirítear measúnú leis seo ar na nithe seo a leanas: cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na cuideachta agus an raibh, nó nach raibh, siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nocht go cú; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta arna ndéanamh ag na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Anuas air sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dtuarascáil na Stiúrthóirí chun ábhair neamhréireacha ábhartha sna ráitis airgeadais iniúchta a shainiú. Má chuirtear ar an eolas sinn go bhfuil aon mhíráiteas follasach nó aon ábhar neamhréireach sna ráitis airgeadais, déanfaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil.

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim é go bhfuil na nithe seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtas Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí na cuideachta amháin an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena heasnamh agus sreafaí airgid don bhliain dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a shílimid a theastaigh uainn inár n-iniúchadh.
- Is é ár dtuairim é gur choimeád an cuideachta leabhair chuntas iomchuí.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.
- Is é ár dtuairim é go bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.
- Ní hionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa Chlár Comhardaithe, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim go raibh cás airgeadais ann an 31 Nollaig 2012 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983. Reáchtáladh an cruinniú ginearálta urghnách an 23 Aibreán 2012.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir eisceachta

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas: Faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt mura ndéantar, inár dtuairim, an nochtadh maidir le luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí a shonraíonn an dlí.

Teresa Harrington

le haghaidh PricewaterhouseCoopers agus thar a gceann Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil Baile Átha Cliath
26 Aibreán 2013

Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an gCuideachta:

(A) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012. Is iad na caighdeán chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir agus na caighdeán a eisiúnn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus a fhoilsíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Tá athchóiriú déanta ar chomparáidí na bliana roimhe seo chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

(B) Ioncam

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí a sholáthraítear.

(C) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímhéasa:

(i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá gréasán córas i gceist le línte agus oibreacha iarnróid. Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán atá ann cheana, a chothaíonn an ábaltacht oibriúcháin de réir caighdeán shainmhínte seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ar a chostas i ndiaidh deontais a bhaint.

Is ionann an muirear dímhéasa do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil atá riachtanach chun ábaltacht oibriúcháin an ghréasáin a choinneáil atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní na Cuideachta.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a ábaltacht oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar a chostas agus dímhéastar é ar feadh a shaolré fóna.

(ii) Rothstoc iarnróid

Déantar dímhéas ar innill iarnróid (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostais stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

Déantar dímhéas ar rãilcharranna, ar stoc cóistí agus ar vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fóna measta.

(iii) Feithiclí lasta bóthair

Déantar dímhéas ar na sócmhainní seo ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta trí úsáid a bhaint as suim an mhodha dhigitigh.

(iv) Dugaí, calafoirt agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímhéas ar na ranguithe sócmhainne thuas trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

(v) Talamh agus foirgnimh

Déantar dímhéas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar shaolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhar na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus ar cosúil go ndiúscrófar iad sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha de réir mar is cuí.

(D) Sócmhainní ar Léas

(i) Léasanna airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costas caipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar é a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar shaolré fhóna

mheasta na sócmhainne. Áirítear gné chaipitil na n-oibleagáidí léasa gan íoc leis na creidiúnaithe. Déantar muirir airgeadais a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus cailiteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

(ii) Léasanna oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirear chuig an gCuntas Brabúis agus Cailiteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(E) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

(F) Deontais an Aontais Eorpaigh agus an Stáit

(i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana

Baintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid atá ann cheana féin ó chostas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ar a gcostas agus deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha dá réir. Is riachtanach an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 i dtuairim na Stiúrthóirí, chun go dtaispeánfaidh na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na línte agus oibreacha iarnróid seo agus, dá bhrí sin, níl aon bhunús ann ina bhféadfaí deontais agus ranníocaíochtaí a shainnithint mar ioncam iarchurtha.

(ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha

de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gCuntas Brabúis agus Cailiteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus cailiteanais sa bhliain ina mbíonn siad infhála.

(iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailiteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

(G) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iniúchta nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le cailiteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

(H) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhuirear chuig an gCuntas Brabúis agus Cailiteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag céatadán a mheastar bheith cobhsaí den phá inphinsin. Scartar athraithe ó chostais phinsin rialta, a shainnithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime.

Soláthraítear do chostas caipitil na sochar pinsean forlíontach agus déantar é a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus cailiteanais sa bhliain ina dtugtar na tairbhí feabhsaithe.

(I) Costais Bhonneagair Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, éilítear ar Iarnród Éireann - Irish Rail a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus iad sin do ghnó bhainistíocht an bhonneagair iarnróid ar leithligh. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A. de Rialachán an AE, Uimh. 2598/70.



In 2012, tháinig méadú €1.3 milliún ar ioncam paisinéirí go €157.9 milliún, a d'aisiompagh an treocht atá leanúnach ó thús na géarchéime eacnamaíche

Cuntas Brabúis agus Caillteanais

	Nóta	2012			2011		
		Iomlán	Míreanna Eisceachtúla Oibríocháin	Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla	Iomlán	Míreanna Eisceachtúla Oibríocháin	Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla
Ioncam:		186,816	-	186,816	185,802	-	185,802
Costais							
Párolla agus costais ghaolmhara	3	(251,019)	(32,307)	(218,712)	(226,020)	(2,389)	(223,631)
Ábhair agus seirbhísí	4	(101,620)	0	(101,620)	(108,467)	(694)	(107,773)
Dímheas lúide amúchadh deontais chaipitil	6	(35,354)		(35,354)	(33,166)	-	(33,166)
Costais oibríocháin iomlána		(387,993)	(32,307)	(355,686)	(367,653)	(3,083)	(364,570)
(Caillteanas)/brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	7	471		471	(130)		(130)
Easnamh roimh ús agus deontais Stáit		(200,706)	(32,307)	(168,399)	(181,981)	(3,083)	(178,898)
Ús Iníoctha							
Gnóthas Iarnróid	8	(1,839)		(1,839)	(1,964)		(1,964)
Bonneagar Iarnróid	8	(990)		(990)	(1,139)		(1,139)
Oibríochtaí tráchtála	8	(65)		(65)	(56)		(56)
Ús iomlán		(2,894)	0	(2,894)	(3,159)	0	(3,159)
Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit		(203,600)	(32,307)	(171,293)	(185,140)	(3,083)	(182,057)
Deontais Stáit - PSO rialta	9	135,751		135,751	148,683		148,683
Deontais Stáit - PSO breise	9	30,667		30,667			
Deontais stáit - deontas sábháilteachta iarnróid	9	14,710		14,710	14,598		14,598
Easnamh don bhliain	20	(22,472)	(32,307)	9,835	(21,859)	(3,083)	(18,776)

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha na Cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile ann seachas iad siúd a áiríodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Thar ceann an bhoird

An tUasal Phil Gaffney, Cathaoirleach

An tUasal Patricia Golden, Stiúrthóir

Clár Comhardaithe

Amhail an 31 Nollaig 2012	Nótaí	2012	2011
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	10	1,763,555	1,866,500
Sócmhainní airgeadais	11	20	20
		1,763,575	1,866,520
Sócmhainní reatha			
Stoic	12	50,334	49,941
Féichiúnaithe	13	21,309	43,439
Cúlchnapanna airgid		313	313
		71,956	93,693
Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	16	(285,949)	(288,548)
Glandliteanais reatha		(213,993)	(194,855)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		1,549,582	1,671,665
Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	15	(7,250)	(11,917)
Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir	17	(48,325)	(56,271)
Ioncam iarchurtha	18	(1,416,226)	(1,503,224)
		77,781	100,253
Arna maoiniú acu seo a leanas:			
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	19	194,270	194,270
Cuntas Brabúis agus Cailteanais	20	(116,489)	(94,017)
Cistí scairshealbhóirí	20	77,781	100,253

Thar ceann an bhoird

An tUasal Phil Gaffney, Cathaoirleach

An tUasal Patricia Golden, Stiúrthóir

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Amhail an 31 Nollaig 2012	Nótaí	2012	2011
		€000	€000
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	21(A)	(10,876)	5,321
Fónamh a dhéanamh ar airgeadas			
Ús íoctha	8	(2,109)	(2,158)
Mír úis de chíosanna léas airgeadais	8	(785)	(1,001)
Eis-sreabhadh glan airgid ó fhónamh a dhéanamh ar airgeadas		(2,894)	(3,159)
Gníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní inlámhsithe		(149,575)	(352,735)
(Costas díolacháin)/díol sócmhainní inlámhsithe		472	(127)
Deontais chaipitil		119,102	323,375
Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(30,001)	(29,487)
Eis-sreabhadh glan airgid roimh bhainistiú acmhainní leachtacha agus maoiniú	21(B)	(43,771)	(27,325)
Bainistiú ar acmhainní leachtacha	21(B)	35,543	35,118
Maoiniú			
Mír chaipitiúil de chíosanna léas airgeadais		(4,405)	(3,958)
Eis-sreabhadh glan airgid ó Mhaoiniú	21(B)	(4,405)	(3,958)
(Laghdú)/Méadú ar airgead sa bhliain	21(B)	(12,633)	3,835
Réiteach glansreafa airgid chuig gluaiseacht i nglanfhiach			
(Laghdú)/Méadú ar airgead sa bhliain		(12,633)	3,835
Eis-sreabhadh airgid ó iarmhéid cuideachta shealbhaíochta, maoiniú léasa agus tionscadail infheistíochta an NDP arna maoiniú ag ClÉ		(31,138)	(31,160)
Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain		(43,771)	(27,325)
Glanfhiach amhail an 1 Eanáir		6,378	33,703
Glanchistí amhail an 31 Nollaig		(37,393)	6,378

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Gnóthas Leantach

Thabhaigh an Chuideachta glanchailteanas €22.5 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €77.8 milliún agus glandliteanais reatha darbh fhiú €214 milliún ag an gCuideachta. Léirítear i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Chuideachta tuilleadh easnamh idir 2013 agus 2017. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le maoiniú breise a fháil ó Ghrúpa CIÉ. Tá cóip den nochtadh a bhaineann le Gnóthas Leantach a áirítear le Nóta 1 de Ráitis Airgeadais CIÉ, san áireamh thíos:

“Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rud a thugann le fios go go mbeidh an Grúpa ábalta leanúint ar aghaidh i mbun feidhme go ceann i bhfad.

Nuair a bhí na ráitis airgeadais do 2011 á síníú i mí na Samhna 2012, bhí roinnt rioscaí agus neamhchinnteachtaí os comhair an ghrúpa. Sháraigh an Grúpa na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil dó go luath in 2012. Íocadh an barrachas a bhuíochas le réamhíocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Ón dáta sin i leith, d’fhan an Grúpa laistigh dá áiseanna iasachtaíochta atá ann cheana. Cé gur tháinig an Bord ar an gconclúid go raibh sé iomchuí na ráitis airgeadais do 2011 a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, d’aithin sé go raibh roinnt neamhchinnteachtaí ann, lena n-áirítear neamhchinnteachtaí maidir le stádas maoinithe an ghrúpa go háirithe, a bhí mar chúis leis an gconclúid go raibh neamhchinnteacht ábhartha ann ag an am sin.

Tráth a síníodh na ráitis airgeadais do 2011, bhí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tar éis a chur in iúl go gcuirfí maoiniú breise ar fáil don Ghrúpa i bhfoirm ach raibh cinntithe chun gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa a mhaoiniú aníos leis an 31 Nollaig 2012. Ní dhearnadh cinneadh maidir le leagan amach ná le méid an mhaoinithe seo faoin am sin, ach chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt litir thacaíochta ar fáil don Ghrúpa dar dáta an 30 Lúnasa 2012. Ina dhiaidh sin, chuir an Roinn maoiniú breise fóirdheontais dar luach €36m ar fáil don Ghrúpa go mall in 2012 mar chuid den tacaíocht sin.

Tharla roinnt forbairtí suntasacha a mhaolaigh cuid de na neamhchinnteachtaí a bhí os comhair an Ghrúpa roimhe sin. Tá siad leagtha amach thíos:-

- Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an €36m i bhfóirdheontas breise ar fáil go mall in 2012;

- Dhíol an Grúpa a leas sa léas talún i nDuga Spencer, a ghin suim airgid €20m i mí na Nollag 2012;
- Cuireadh an clár suntasach Téarfa Dheonaigh 2012 de chuid Iarnród Éireann i gcrích i mí na Nollag 2012 (a chuir go mór leis an bplean coigilteas costais iomlán);
- Tar éis tréimhse fhaidreiseach meatha de dheasca an gheilleagair bhunúsaigh, thosaigh ioncam agus líon na bpaisinéirí ag cobhsú le roinnt míonna anuas;
- Rinne Grúpa CIÉ iarratas ar an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh méadú táillí ar fud a sheirbhísí go léir agus deonaíodh é. Athbhreithníodh plean cúig bliana agus réamhaisnéis airgid an Ghrúpa chun tionscnaimh bhainistíochta le costais a laghdú agus sreafaí airgid a bhainistiú a chur san áireamh. Áiríodh leis sin athbhreithnithe chun athruithe ar phatrún na sreafaí airgid a chur san áireamh tar éis idirbheartaíochta leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le maoiniú deontais chaipitil. Anuas air sin, sainithníodh roinnt bearta maolaithe freisin a chuirfear chun feidhme mura mbaintear na sreafaí airgid atá beartaithe ag an bplean 5 bliana amach;
- Rinneadh an-dul chun cinn ar an idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa maidir leis na háiseanna ar fáil don Ghrúpa a athmhaoiniú agus a mhéadú agus táthar ag coinne le toradh rathúil ar ball;
- Rinneadh áiseanna reatha €57m a athnuachan go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2013 agus rinneadh €20m a athnuachan go dtí an 31 Bealtaine 2013 chun cur ar chumas an ghrúpa gníomhaíochtaí a mhaoiniú ar feitheamh an athmhaoiniú a tharraingt suas.

Mar sin féin, tá neamhchinnteachtaí ann go fóill, agus tá siad mionsonraithe thíos:

1. Bhí áiseanna reatha iasachtaíochta bainc an Ghrúpa (ar fiú €107 iad) le dul in éag ar dhátaí éagsúla idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2013. D’fhormheas an bord Litir Áise le déanaí ó cheann dá bhainc le haghaidh áiseanna tiomanta reatha a shíneadh go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2013, ar feitheamh athmhaoiniú iomlán iasachtaíocht an Ghrúpa a tharraingt suas. Síneadh an dara háis ar bhonn míosúil freisin ar

feitheamh tharraingt suas na n-áiseanna iomlána iasachtaíochta. Mar chuid de phlean cúig bliana CIÉ, shainaithin an Grúpa go bhfuil gá le háiseanna iomlána a mhéadú €53m chun na háiseanna reatha iasachtaíochta a mhéadú ó €107m go €160m. Tá plé ar bun faoi láthair ag lucht bainistíochta an Ghrúpa lena maoinitheoirí leithan athmhaoinithe seo. Chuir an Príomhshocraitheoir dréachtbhileog théarmaí ar fáil ina leagtar amach téarmaí táscaha inghlactha don áis iomlán €160m. Is táscach amháin atá an bhileog téarmaí seo agus ní hionann í agus tairiscint leis an áis a shocrú ná a mhaoiniú. Beidh soláthar na háise faoi réir fhorghéas an choiste creidmheasa agus doiciméadúchán sásúil. Tá an lucht bainistíochta muiníneach gur féidir an idirbheartaíocht leis na bainc a thabhairt chun críche faoi mhí an Mheithimh 2013. Tá tráthúlacht tharraingt suas athmhaoiniú na n-áiseanna iasachtaíochta atá ann cheana rithabhachtach maidir le measúnú foriomlán an lucht bainistíochta ar ghnóthas leantach.

2. Baineann rithabhacht le baint amach an choigiltis, agus coigilteas párolla go háirithe, atá leagtha amach i bplean gnó 5 bliana an Ghrúpa. Tá toimhdí a úsáideadh chun an plean gnó a ullmhú suibhachtúil de réir a chineáil agus tá sé tábhachtach go ndéantar faireachán gear ar fheidhmíocht in aghaidh an phlean le gur féidir bearta maolaithe, a shainaithin an lucht bainistíochta cheana, a chur i bhfeidhm más gá. Rinne an lucht bainistíochta tástáil struis ar na meastacháin sreafa airgid agus tá faireachán a dhéanamh ar airgead ar bhonn laethúil agus seachtainiúil.
3. Tá an meath ar gheilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas tar éis dul i gcion go holc ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus tá dúshlán á gcur os a choinne i rith an ama. Tá laghdú tagtha ar thurais na bpaisinéirí agus tá laghdú tagtha ar an maoiniú Stáit do CIE de bharr laghdú ar Chaiteachas Poiblí an Rialtais trí chéile.

Cuirtear in iúl i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnaimh airgid in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus ina dhiaidh sin le linn don Ghrúpa a phleananna athstruchtúraithe a chur chun feidhme.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phlean gnó an Ghrúpa, ar na buntoimhdí don tréimhse idir 2013 agus 2017 agus ar a bhuiséad don bhliain 2013, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na gníomhartha a rinne an lucht bainistíochta le roinnt míonna anuas, tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon le hathmhaoiniú an ghrúpa, leis an tacaíocht leantach a thugann an Roinn Iompair, Turasóireachta

agus Spóirt, leis an ioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart um laghdú costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.

